CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2021/54 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Eanáir 2021

lena leasaítear Cinneadh 2010/231/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Aibreán 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/231/CBES ([1]).

(2) An 12 Samhain 2020, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún (Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe) 2551 (2020). Leis an Rún sin athdhearbhaítear trádbhac arm ginearálta iomlán ar an tSomáil agus leasaítear na fógraí a bhaineann le comhairle theicniúil, cúnamh airgeadais agus eile agus oiliúint a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata a sholáthar. Leis an Rún sin athdhearbhaítear freisin an toirmeasc ar fhioghual a allmhairiú ón tSomáil, agus daingnítear srianta ar ghairis phléascacha sheiftithe a dhíol leis an tSomáil, a sholáthar di nó a aistriú chuici.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2010/231/CBES a leasú dá réir.

(4) Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun bearta áirithe den Chinneadh seo a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2010/231/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

"(f) soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál agus soláthar comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile, agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, atá ceaptha d'fhorbairt Fhórsaí Náisiúnta Slándála na Somáile, nó institiúidí earnáil slándála na Somáile, seachas iad siúd a bhaineann le Rialtas Cónaidhme na Somáile, chun slándáil a chur ar fáil do mhuintir na Somáile agus chuige sin amháin. Beidh seachadadh na n-earraí a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III, agus soláthar comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile, agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata faoi réir na gceanglas ábhartha formheasa nó fógartha mar a leanas:

(i) beidh soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál a leagtar amach in Iarscríbhinn II atá ceaptha d'fhorbairt Fhórsaí Náisiúnta Slándála na Somáile, nó institiúidí earnáil slándála na Somáile, seachas iad siúd a bhaineann le Rialtas Cónaidhme na Somáile, chun slándáil a chur ar fáil do mhuintir na Somáile agus chuige sin amháin, faoi réir formheas roimh ré ag an gCoiste Smachtbhannaí ar bhonn cás ar chás, de réir mar a leagtar amach i míreanna 4a agus 4b;

([1]) Cinneadh 2010/231/CBES ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2009/138/CBES (IO L 105, 27.4.2010, lch. 17).

(ii) beidh soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál a leagtar amach in Iarscríbhinn III atá ceaptha d'fhorbairt Fhórsaí Slándála Náisiúnta na Somáile, chun slándáil a chur ar fáil do mhuintir na Somáile agus chuige sin amháin, faoi réir réamhfhógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí mar a leagtar amach i míreanna 4 agus 4b;

(iii) beidh soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus soláthar comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile, agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata arna ndéanamh ag Ballstáit nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha nó foréigiúnacha atá ceaptha institiúidí earnáil slándála na Somáile a fhorbairt, seachas iad siúd a bhaineann le Rialtas Cónaidhme na Somáile, chun slándáil a chur ar fáil do mhuintir na Somáile, agus chuige sin amháin, faoi réir réamhfhógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí mar a leagtar amach i mír 4b, agus féadfar an méid sin a sholáthar mura bhfaightear cinneadh diúltach ón gCoiste Smachtbhannaí, laistigh de 5 lá oibre, tar éis fógra den sórt sin a fháil;";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Is ar Rialtas Cónaidhme na Somáile atá an phríomhfhreagracht fógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí 5 lá oibre ar a laghad roimh aon airm nó ábhar gaolmhar d'aon cheann de na cineálacha uile a leagtar amach in Iarscríbhinn III a sheachadadh d'Fhórsaí Slándála Náisiúnta na Somáile, mar a leagtar amach i bpointe (f)(ii) de mhír 3 den Airteagal seo. De rogha air sin, féadfaidh na Ballstáit a sheachadann airm agus ábhar gaolmhar d'Fhórsaí Slándála Náisiúnta na Somáile, fógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí 5 lá oibre ar a laghad roimh ré, agus an comhlacht comhordúcháin náisiúnta ábhartha i Rialtas Cónaidhme na Somáile a chur ar an eolas faoin bhfógra agus cúnamh teicniúil le nósanna imeachta um fhógra a thabhairt a chur ar fáil do Rialtas Cónaidhme na Somáile i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le míreanna 13 agus 14 de Rún 2498 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Áireofar sna fógraí sonraí faoi mhonaróir agus soláthróir na n-arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, tuairisc ar na hairm agus ar an armlón lena n-áirítear an cineál, an calabra agus an chainníocht, an dáta agus an áit seachadta atá beartaithe, agus gach faisnéis ábhartha a bhaineann leis an aonad cinn scríbe i bhFórsaí Slándála Náisiúnta na Somáile nó an áit stórála atá beartaithe.";

(2) cuirtear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn IV.

(3) cuirtear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn V.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Eanáir 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A.P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN I

"IARSCRÍBHINN IV

LIOSTA NA nEARRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1C(1)

1. Teitril (trínítrifeinilmeitilnítrimín).

2. Nítriglicrín comhshuite nó measctha leis an 'ábhar eitiléine' a shonraítear in ML8.a. nó i miotail phúdraithe a shonraítear in ML8.c. de Liosta Míleata Coiteann an Aontais Eorpaigh ([1]) (ach amháin ina phacáistítear/ullmhaítear é i ndáileoga míochaine aonair).

3. Trealamh atá saindeartha le haghaidh úsáid mhíleata agus atá saindeartha chun Gairis Phléascacha Sheiftithe (IEDanna) a ghníomhachtú, a chumhachtú le haghaidh aschur oibríochtúil aonuaire, a dhíluchtú nó a mhadhmadh.

4. 'Teicneolaíocht' atá 'riachtanach' chun na hearraí a liostaítear i míreanna 1 agus 2 a 'tháirgeadh' nó a 'úsáid'. (Is as Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh a thógtar na sainmhínithe ar na téarmaí 'teicneolaíocht', 'riachtanach', 'táirgeadh' agus 'úsáid'.)"

([1]) IO C 98, 15.3.2018, lch. 1.

IARSCRÍBHINN II

"IARSCRÍBHINN V

LIOSTA NA nEARRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1C(2)

1. Trealamh agus gairis, nach bhfuil sonraithe le mír 2 in Iarscríbhinn IV, atá saindeartha chun pléascáin a thionscnamh ar mhodhanna leictreacha nó neamhleictreacha (e.g. gairis lámhachta, maidhmitheoirí, adhainteoirí, corda maidhmitheach).

2. 'Teicneolaíocht' atá 'riachtanach' chun na hearraí a liostaítear i mír 1 a 'tháirgeadh' nó a 'úsáid'. (Is as Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh a thógtar na sainmhínithe ar na téarmaí 'teicneolaíocht', 'riachtanach', 'táirgeadh' agus 'úsáid'.)

3. Na hábhair phléascacha, mar a leanas, agus meascáin ina bhfuil ceann amháin nó níos mó díobh:
   (a) Ola Bhreosla Níotráite Amóiniam (ANFO);
   (b) Nítriceallalós (ina bhfuil níos mó ná 12,5 % nítrigin w/w);
   (c) Nítriglicrín (ach amháin i gcás ina phacáistítear/ullmhaítear é i ndáileoga míochaine aonair) mura bhfuil sé comhshuite nó measctha leis an 'ábhar eitiléine' a shonraítear in ML8.a. nó i miotail phúdraithe a shonraítear in ML8.c. de Liosta Míleata Coiteann an Aontais Eorpaigh;
   (d) Nítrighliocól;
   (e) Teitriníotráit pheinteiritríotóil (PETN);
   (f) Clóiríd phicrile;
   (g) 2,4,6 -Trínítreatolúéin (TNT).

4. Réamhtheachtaithe pléascán:
   (a) Níotráit amóiniam;
   (b) Níotráit photaisiam;
   (c) Clóráit sóidiam;
   (d) Aigéad nítreach;
   (e) Aigéad sulfarach."